Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Iúil 2024**
**(OR. en)**

**12076/24**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0153(NLE)**

**FISC 159**
**ECOFIN 847**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 8 Iúil 2024 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2024) 279 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011 a mhéid a bhaineann leis an deimhniú díolúine leictreonach ó CBL |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 279 final.

---

Faoi iamh: COM(2024) 279 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.7.2024
COM(2024) 279 final

2024/0153 (NLE)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011 a mhéid a bhaineann leis an deimhniú díolúine leictreonach ó CBL

**MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN**

# 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

## • Forais agus cuspóirí an togra

Is é is aidhm don togra seo Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) ón gComhairle Uimh. 282/2011[1] (an Rialachán Cur Chun Feidhme maidir le CBL) a oiriúnú chun an bealach a réiteach do thabhairt isteach deimhnithe díolúine leictreonaigh lena ndeimhnítear go gcáilíonn an t-idirbheart do dhíolúine shonrach faoin gcéad fhomhír d'Airteagal 151(1) de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle (an Treoir maidir le CBL).

Déantar foráil in Iarscríbhinn II den Rialachán Cur Chun Feidhme maidir le CBL i ndáil le deimhniú díolúine páipéarbhunaithe le haghaidh CBL agus/nó le haghaidh dleacht mháil a bheidh le síniú de láimh. Chun go bhféadfadh Ballstáit coinneáil suas le héileamh méadaithe na haoise digití agus an t-ualach riaracháin ar ghnólachtaí a laghdú, cuirfear an deimhniú nua díolúine leictreonach in ionad an leagain reatha pháipéir chun ullmhú d'úsáid mhéadaithe sínithe leictreonacha ardleibhéil. Ina theannta sin, leis an aistriú go leagan leictreonach, beidh na Ballstáit in ann na hoibleagáidí a fhorchuireann reachtaíocht na mBallstát orthu a chomhlíonadh[2] lena gceanglófar orthu na modhanna teicniúla is gá a chur i bhfeidhm chun doiciméid atá sínithe go leictreonach a phróiseáil ar bhealach leictreonach nuair a úsáidtear seirbhís ar líne arna soláthar ag comhlacht poiblí, nó arna soláthar thar ceann údarás poiblí.

Faoin Airteagal nua, Airteagal 151(1a), den Treoir maidir le CBL, beidh an Coimisiún, i gcomhairle leis na Ballstáit, in ann bearta cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos na sonraí teicniúla agus sonraíochtaí teicniúla a bhaineann le formáid leictreonach is infheidhme an deimhnithe nua díolúine agus leis an gcaoi a bpróiseálfar é go leictreonach. Cuirfear an deimhniú nua leictreonach in ionad an leagain pháipéir ón 1 Iúil 2030 ar aghaidh. Maidir le hidirbhearta a dhéanfar roimh an dáta sin, agus chun go dtabharfaí aird níos fearr ar thionscadail TF eile atá ar bun faoi láthair, d'fhéadfadh na Ballstáit leanúint den leagan páipéir a úsáid, ar leagan é a leagtar amach in Iarscríbhinn II den Rialachán Cur Chun Feidhme maidir le CBL. Dá bhrí sin, leasaítear foclaíocht Airteagal 51(1) den Rialachán Cur Chun Feidhme maidir le CBL chun go bhféadfar deimhnithe leictreonach nó deimhnithe páipéir a úsáid ar bhonn malartach. h

Níl Iarscríbhinn II den Rialachán Cur Chun Feidhme maidir le CBL cothrom le dáta a thuilleadh toisc go dtagraítear ann do Threoir 2008/118/CE a bhfuil Treoir (AE) 2020/262 ón gComhairle (athmhúnlú) [3]curtha ina ionad agus leasófar é dá réir.

Ar deireadh, scriosfar Airteagal 51 agus Iarscríbhinn II den Rialachán Cur Chun Feidhme maidir le CBL an 1 Iúil 2030, is é sin an dáta a chuirfear an deimhniú díolúine leictreonach nua maidir le CBL in ionad an leagain pháipéir sin de bhun Airteagal 151(1a) den Treoir maidir le CBL.

---

1 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011 ón gComhairle an 15 Márta 2011 lena leagtar síos bearta cur chun feidhme do Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (athmhúnlú) (IO L 77, 23.3.2011, lch. 1).

2 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1506 ón gCoimisiún an 8 Meán Fómhair 2015 lena leagtar síos sonraíochtaí i ndáil le sínithe leictreonacha ardleibhéil agus ríomhshéalaí ardleibhéil atá le haithint ag údaráis phoiblí de bhun Airteagail 27(5) agus 37(5) de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach (IO L 235, 9.9.2015, lch. 37).

3 Treoir (AE) 2020/262 ón gComhairle an 19 Nollaig 2019 lena leagtar síos na socruithe ginearálta maidir le dleacht mháil (athmhúnlú) (IO L 58, 27.2.2020, lch. 4).

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Leis an togra d'fhéadfaí an deimhniú díolúine a aistriú go leagan leictreonach mar an chéad chéim eile i ndiaidh a oiriúnaithe in 2022[4], rud a léiríonn raon feidhme leathnaithe na ndíolúintí faoi Airteagal 151(1) den Treoir maidir le CBL, chun gníomhaíochtaí faoin gComhbheartas Slándála agus Cosanta (CBSC)[5] agus bearta an Aontais mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19 a chuimsiú[6].

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá tabhairt isteach an deimhnithe díolúine leictreonaigh maidir le CBL i gcomhréir leis na tionscnaimh atá ar bun mar chuid de bheartas digiteála an Aontais agus cuideoidh sé leis na Ballstáit tacú lena n-údaráis chánach na ceanglais a chomhlíonadh maidir le húsáid sínithe leictreonacha ardleibhéil a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais Eorpaigh[7].

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Tá an togra bunaithe ar Airteagal 397 den Treoir maidir le CBL. Foráiltear leis an airteagal seo go nglacfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún, na bearta is gá chun an Treoir maidir le CBL a chur chun feidhme.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Ós rud é gur tugadh isteach an deimhniú díolúine leictreonach maidir le CBL faoi Airteagal 151(1a) den Treoir maidir le CBL, is gá an Rialachán Cur Chun Feidhme maidir le CBL a oiriúnú dá réir sin. Ní fhéadfadh na Ballstáit é sin a dhéanamh agus iad ag gníomhú ina n-aonar. Chun an t-oiriúnú a dhéanamh tá gá le togra ón gCoimisiún chun an Rialachán Cur Chun Feidhme maidir le CBL a leasú.

- **Comhréireacht**

Comhlíonann an togra prionsabal na comhréireachta toisc nach dtéann sé thar a bhfuil riachtanach agus toisc go bhfuil sé i gcomhréir leis an gcuspóir atá á shaothrú. Leis an tionscnamh sin tugtar isteach deimhniú díolúine leictreonach lena ndeimhnítear go gcáilíonn an t-idirbheart do dhíolúine shonrach faoin gcéad fhomhír d'Airteagal 151(1) den Treoir maidir le CBL. Ós rud é go bhfuil ualach méadaithe riaracháin agus easpa solúbthachta ag baint leis an nós imeachta díolúine bunaithe ar dhoiciméid pháipéir, beidh simpliú suntasach agus coigilteas costais san fhadtéarma mar thoradh ar na bearta atá beartaithe, agus tá na bearta sin comhréireach i bhfianaise a dtionchair bhuiséadaigh.

---

4 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/432 ón gComhairle an 15 Márta 2022 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011 a mhéid a bhaineann leis an deimhniú díolúine ó CBL agus/nó ó dhleacht mháil (IO L 88, 16.3.2022, lch. 15)

5 Treoir (AE) 2019/2235 ón gComhairle an 16 Nollaig 2019 lena leasaítear Treoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha agus Treoir 2008/118/CE a bhaineann leis na socruithe ginearálta maidir le dleacht mháil a mhéid a bhaineann le hiarrachtaí cosanta laistigh de chreat an Aontais (IO L 336, 30.12.2019, lch. 10)

6 Treoir (AE) 2021/1159 ón gComhairle an 13 Iúil 2021 lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le díolúintí ar allmhairithe agus ar sholáthairtí áirithe, mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19 (IO L 250, 15.7.2021, lch. 1)

7 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1506 ón gCoimisiún an 8 Meán Fómhair 2015 lena leagtar síos sonraíochtaí i ndáil le sínithe leictreonacha ardleibhéil agus ríomhshéalaí ardleibhéil atá le haithint údaráis phoiblí de bhun Airteagail 27(5) agus 37(5) de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach (IO L 235, 9.9.2015, lch. 37).

- **An rogha ionstraime**

Beartaítear Rialachán Cur Chun Feidhme d'fhonn leasú a dhéanamh ar an Rialachán Cur Chun Feidhme maidir le CBL.

## 3. TORTHAÍ MEASTÓIREACHTAÍ *EX POST* AGUS COMHAIRLIÚCHÁN LE GEALLSEALBHÓIRÍ

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Ní dhearnadh aon chomhairliúchán le páirtithe leasmhara mar gheall ar a theicniúla atá cineál an tionscnaimh sin agus a ailíniú le hiarrachtaí ar leibhéal an Aontais Eorpaigh idirghníomhaíochtaí digiteacha rialtais a chur chun cinn.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Rinne an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, staidéar teicniúil chun réitigh TF a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint chun deimhniú díolúine leictreonach agus nós imeachta comhfhreagrach a thabhairt isteach.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Níl aon bhaint ag an togra seo leis an gClár um Oiriúnacht agus Feidhmíocht Rialála (REFIT) agus níl aon tionchar ar leith aige ar mhicrifhiontair ná ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide.

- **Cearta bunúsacha**

Maidir leis an nós imeachta díolúine CBL a aistriú go leagan leictreonach, mar atá beartaithe, tacaíonn an t-aistriú sin le hoiriúnú na ré digití agus neartaítear leis cearta na saoránach maidir lena sonraí pearsanta a phróiseáil, mar a chosnaítear faoi Airteagal 8 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus Airteagal 16 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh iad.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Tugtar isteach leis an togra na hathruithe áirithe is gá chun an deimhniú díolúine maidir le CBL a aistriú go leagan leictreonach, ach ní dhéanann an togra difear do raon feidhme na ndíolúintí CBL dá dtagraíonn sé. Níl aon tionchar aige, dá bhrí sin, ar bhuiséad an Aontais.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar chur chun feidhme na mbeart atá beartaithe mar chuid dá fhreagrachtaí chun cur i bhfeidhm ceart reachtaíocht CBL an Aontais Eorpaigh a áirithiú.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

In Airteagal 1, mír 1, den togra leasaítear foclaíocht na chéad abairte in Airteagal 51(1) den Rialachán Cur Chun Feidhme maidir le CBL chun a áirithiú go bhféadfar an deimhniú díolúine leictreonach nua maidir le CBL dá dtagraítear in Airteagal 151(a) den Treoir maidir le CBL a úsáid mar rogha mhalartach.

Maidir leis an deimhniú díolúine ó CBL agus/nó ó dhleacht mháil dá bhforáiltear in Iarscríbhinn II den Rialachán Cur Chun Feidhme maidir le CBL, cuirtear leagan nua in ionad an deimhnithe sin in Airteagal 1, mír 2 den togra, ar leagan nua é a léiríonn gur cuireadh Treoir (AE) 2020/262 ón gComhairle (athmhúnlú) in ionad Threoir 2008/118/CE.

Scriostar le hAirteagal 2 den Togra Airteagal 51 agus Iarscríbhinn II den Rialachán Cur Chun Feidhme maidir le CBL chun a áirithiú nach mbeidh feidhm ón 1 Iúil 2030 ach ag an deimhniú díolúine leictreonach maidir le CBL dá dtagraítear in Airteagal 151(1a) den Treoir maidir le CBL.

2024/0153 (NLE)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011 a mhéid a bhaineann leis an deimhniú díolúine leictreonach ó CBL

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha[1], agus go háirithe Airteagal 397 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tugtar isteach le hAirteagal 151(1a) de Threoir 2006/112/CE an deimhniú díolúine leictreonach nua maidir le CBL, mar aon leis an nós imeachta leictreonach atá ag teastáil chun an deimhniú sin a phróiseáil. Chun solúbthacht leordhóthanach a thabhairt do na Ballstáit an líon mór tionscadal TF a bhaineann le hábhar na Treorach sin agus atá ar bun faoi láthair, ceadaítear dóibh leanúint den deimhniú páipéir atá ann cheana a úsáid, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) ón gComhairle Uimh. 282/2011[2], le haghaidh idirbhearta a dhéanfar go dtí an 30 Meitheamh 2030. Maidir le hAirteagal 51(1) den Rialachán Cur Chun Feidhme sin, ba cheart é a leasú chun go bhféadfar deimhnithe leictreonacha nó deimhnithe páipéir a úsáid le linn idirthréimhse.

(2) Ba cheart leagan nua a chur in ionad Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011 chun a léiriú gur cuireadh Treoir (AE) 2020/262 ón gComhairle[3] in ionad Threoir 2008/118/CE ón gComhairle[4].

(3) I gcomhréir le Treoir 2006/112/CE, ón 1 Iúil 2030, níor cheart ach an deimhniú díolúine leictreonach dá dtagraítear in Airteagal 151(1a) den Treoir sin a úsáid. Dá bhrí sin, maidir le hAirteagal 51 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011, agus Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin, ina ndéantar foráil maidir leis an leagan páipéir den deimhniú díolúine, ba cheart iad a scriosadh ón dáta sin ar aghaidh.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011 a leasú dá réir sin,

---

[1] IO L 347, 11.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2011/282/oj.

[2] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011 ón gComhairle an 15 Márta 2011 lena leagtar síos bearta cur chun feidhme le haghaidh Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 77, 23.3.2011, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2006/112/oj).

[3] Treoir (AE) 2020/262 ón gComhairle an 19 Nollaig 2019 lena leagtar síos na socruithe ginearálta maidir le dleacht mháil (IO L 58, 27.2.2020, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2020/262/oj).

[4] Treoir 2008/118/CE ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir leis na socruithe ginearálta maidir le dleacht mháil agus lena n-aisghairtear Treoir 92/12/CEE (IO L 9, 14.1.2009, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2008/118/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011 mar a leanas:

(1) in Airteagal 51, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. I gcás ina bhfuil faighteoir soláthair earraí nó seirbhísí bunaithe laistigh den Aontas, ach nach ionann an Ballstát ina bhfuil sé bunaithe agus an Ballstát ina ndéantar an soláthar, agus nuair nach n-úsáidtear an deimhniú díolúine leictreonach de bhun Airteagal 151(1a) de Threoir 2006/112/CE, úsáidfear an deimhniú díolúine ó CBL agus/nó ó dhleacht mháil a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin, faoi réir na nótaí míniúcháin a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an deimhniú sin, lena ndeimhnítear go gcáilíonn an t-idirbheart don díolúine faoi Airteagal 151(1) de Threoir 2006/112/CE.

Nuair a bheidh an deimhniú sin in úsáid aige, féadfaidh an Ballstát ina bhfuil an té a fhaigheann an soláthar earraí nó seirbhísí bunaithe cinneadh a dhéanamh comhdheimhniú de dhíolúine ó CBL agus ó dleacht mháil a úsáid nó dhá dheimhniú ar leithligh a úsáid.’;

(2) An téacs atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, cuirtear é in ionad Iarscríbhinn II.

*Airteagal 2*

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011 mar a leanas:

(1) Scriostar Airteagal 51;

(2) Scriostar Iarscríbhinn II.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Airteagal 1 ón 1 Iúil 2026.

Beidh feidhm ag Airteagal 2 ón 1 Iúil 2030.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*